# Ailgéabar: Patrúin, rialacha agus coibhneasa – Moltaí don fhoghlaim sa bhaile

## Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach foghlaim faoi phatrúin, rialacha agus coibhneasa?

Is féidir patrúin, rialacha agus coibhneasa a bhreathnú sa bhaile, sa chomharsanacht áitiúil agus sa timpeallacht. Trí bheith ag foghlaim fúthu seo, forbraíonn páistí an cumas tuartha a dhéanamh, a thuiscint cad é an chéad rud eile a thiocfaidh agus ceangail loighciúla a dhéanamh. Trí bheith ag breathnú, ag cruthú agus ag síneadh patrún, agus trí bheith ag teacht ar rialacha agus coibhneasa agus iad a chur i bhfeidhm, féadann páistí forbairt a dhéanamh ar a gcumas bheith ag smaoineamh go matamaiticiúil agus fadhbanna a réiteach. Féadann siad freisin a gcuid eispéireas sa dúlra, sa scéalaíocht, san ealaín, sa cheol agus sa ghluaiseacht a fheabhsú, nó is féidir úsáid tharraingteach chruthaitheach patrún a bheith ag baint leo go léir.

### SMAOINTE CHUN TACÚ LEIS AN BHFOGHLAIM

- Spreag do pháiste le patrúin thart timpeall air nó uirthi féin a aithint, mar shampla, in éadaí, sa cheol, sa ghairdín. Aimsigh patrúin in éadaí (stríoca, polcaphoncanna agus priontaí), patrúin sa dúlra, patrúin i leabhair, patrúin san ealaín, srl. Loirg bhróg a thabhairt faoi deara agus labhairt orthu agus sibh ag siúl trí shalachar, ar an ngaineamh nó sa sneachta.
- Tacaigh le do pháiste patrúin athfhillteacha a chruthú le gnáthrudaí ón teach amhail sceanra, bia, bréagáin, cnaipí, srl.
- Déan rannta nó amhráin faoi uimhreacha a aithris nó a rá a mbeadh patrúin uimhreacha ag baint leo amhail ‘Aon, dó, muc is bó…’ nó ‘Míonna na Bliana’ (le fonn ‘Macarena’).
- Patrúin ghluaiseachta a chruthú in éineacht le do pháiste m.sh., *hapáil, scipeáil, léim, hapáil, scipeáil, léim, srl. dírigh isteach ar rudaí a bhfuil spéis ag do pháiste iontu amhail peil, cispheil, damhsa, gleacaíocht srl.*
- Fiosraigh rithimí agus patrúin in amhráin agus píosaí coitianta ceoil. Patrúin athfhillteacha rithime a dhéanamh amhail bualadh bos, smeach, gread agus, nuair is féidir, cnaguirlisí a úsáid.
- Bíonn gluaiseachtaí athfhillteacha ag baint le go leor seicheamh damhsa. Spreag do pháiste le taitneamh a bhaint as seichimh gluaiseachtaí a chóipeáil agus a chuid féin a chruthú. Má thaitníonn an rince Gaelach, damhsaí cultúrtha nó hip-hap le do pháiste, déan scrúdú ar na seichimh patrún sna damhsaí seo.
- Agus tú ag bácáil in éineacht le do pháiste, maisigh na cístí nó na borróga le patrúin athfhillteacha iolraíocha. Smaoinigh ar na barráin iomchuí a úsáid, chun críche aeistéitiúla.
- Bíodh spraoi agaibh le seichimh uimhreacha, m.sh., *roghnaigh seicheamh de chúig uimhir amhail 4, 8, 12, 16, 20. an bhféadann do pháiste cur síos a dhéanamh ar an seicheamh uimhreacha? Cad atá ag tarlú do na huimhreacha sa seicheamh? An bhfuil siad ag méadú nó ag laghdú? Iarr ar do pháiste an chéad chúpla uimhir eile a thuar. An bhféadann sé nó sí an deichiú huimhir / cúigiú huimhir déag / fichiú huimhir sa seicheamh a thuar? Iarr air nó uirthi míniú a thabhairt ar an gcaoi ar oibrigh siad an uimhir sin amach. An bhféadann siad riail a shainaithint don seicheamh seo?*
- Fiosraigh agus déan cleachtadh ar chruthú patrún tríd an gcniotáil nó an chróiseáil.





### LEABHAIR

- *Is it Red? Is it Yellow? Is it Blue?*, Tana Hoban, 4+ bliana d’aois
- *Simon Sock*, Sue Hendra, 4+ bliana d’aois
- *Beep Beep, Vroom Vroom!*, Stuart J. Murphy, 4+ bliana d’aois
- *A Pair of Socks*, Stuart J. Murphy, 4+ bliana d’aois
- *The Napping House*, Audrey Wood, 4+ bliana d’aois
- *Rooster’s off to See the World*, Eric Carle, 4+ bliana d’aois
- *Monster Musical Chairs*, Stuart J. Murphy, 4+ bliana d’aois
- *The Waterhole*, Graeme Base, 5+ bliana d’aois
- *More or Less*, Stuart J. Murphy, 6+ bliana d’aois

**Cuireann do leabharlann áitiúil réimse leathan leabhar agus acmhainní ar fáil saor in aisce a thacaíonn le foghlaim mhatamaiticiúil na bpaistí a fhorbairt a thacaíonn le foghlaim mhatamaiticiúil na bpaistí a fhorbairt*

### CLUICHÍ / GNÍOMHAÍOCHTAÍ

- Connect 4
- Solitaire
- Dúradáin
- Cruthaigh, agus leathnaigh patrúin chrutha (tarraingthe, nó ag baint úsáid as maighnéid, cruthanna cúir, srl.)
- Cluichí patrún ar líne
- Coirníní agus Cártaí Patrúin
- Cluichí ‘An Ceann Corr’
- Cluichí ‘Aimsigh na Difríochtaí’
- Ficheall
- Táiplis
- Cruthaigh agus leathnaigh patrúin ag baint úsáid as cártaí imeartha



## AG FOGHLAIM AR LÍNE


- Help My Kid Learn www.helpmykidlearn.ie
- Scoilnet https://www.scoilnet.ie/ga/bunscoil/theme-pages/mathematics/
- Seachtain Mhatamaitice na hÉireann – Zón na dTuismitheoirí www.mathsweek.ie
- Maths Eyes https://haveyougotmathseyes.com/

***Téarmaí úsáideacha le cuardach ar líne:*** *patrúin, rialacha, coibhneasa, ailgéabar, foghlaim, bunscoil, matamaitic, seichimh, patrúin atá ag fás, patrúin atá ag laghdú, cluichí, gníomhaíochtaí*

## EALAÍONA AGUS CEARDAÍOCHT

- Priontáil patrúin le torthaí nó glasraí. Cuir patrún athfhillteach 2 chuid, 3 chuid nó 4 chuid san áireamh.
- Fiosraigh patrúin i dteicstílí agus i bhfabraicí. Pléigh na rudaí a dhéanann dearaí áirithe níos tarraingtí. An féidir leat dearadh fabraice de do rogha a fheabhsú nó a leathnú?
- Líníocht bhreathnaitheach de phatrún; ag baint úsáid as fráma líníochta, déan mionscrúdú ar mhíreanna nádúrtha cosúil le sliogáin, bláthanna, duilleoga, cleití, coirt adhmaid agus déan an patrún a fheiceann tú a chóipeáil.
- Patrúin rangoli: Cuardaigh patrúin Rangoli ar líne chun ceiliúradh a dhéanamh ar Diwali ag baint úsáid as pinn luaidhe, péint, rís, lintilí nó cailc.
- Cuardaigh patrúin mandala inphriontáilte nó ar líne.
- Cruthaigh bráisléid agus muincí ag baint úsáid as patrúin shimplí de choirníní.
- Cruthaigh dearaí, priontaí agus maisiúcháin ag baint úsáid as cruthanna pasta.





## DO CHUID SMAOINTE FÉIN

